




**Tabhair cuairt ar gov.ie/letsgetready #Ullmhaímis
- Ag tacú le haistriú leanaí**

Tacaigh le Scileanna Neamhspleáchais do Linbh ar na bealaí seo a leanas:

- Spreag iad chun iad féin a ghléasadh go neamhspleách. Lig do leanaí a gcuid éadaí agus a mbróga a chur orthu.
- Spreag iad chun a gcuid bia a ithe go neamhspleách. Lig dóibh cabhrú leat nuair atá an bord agus an sceanra á réiteach do bhéile an teaghlaigh. Ba cheart do leanaí a ndeochanna féin a dhoirteadh agus im a chur ar a dtósta féin (ag leibhéal scile an linbh). Spreag iad chun gach rud a ní nuair a bhíonn a gcuid bia ite acu.
- Spreag agus cleacht úsáid an leithris. Ba cheart do leanaí an leithreas a úsáid go neamhspleách más féidir agus a lámha a nigh agus a thriomú.
- Déan iarracht gan aon tasc ar féidir leis an leanbh féin a dhéanamh, a dhéanamh tú féin fiú amháin má thógann sé roinnt mhaith ama.

Tacaigh le Folláine Mhothúcháinach do Linbh ar na bealaí seo a leanas:

- Freagair go dearfach a oiread agus is féidir nuair a theastaíonn le do leanbh spraoi taobh istigh agus taobh amuigh den teach.
- Má tá do leanbh ag streachailt le rud éigin a dhéanamh, lig dóibh leanúint ar aghaidh, mar go dtacaíonn sé seo le buanseasmhacht agus le muinín.
- Pléigh agus tabhair ainm ar mhothúcháin do linbh chun cabhrú leo a mothúcháin a thuiscint agus straitéisí chun déileáil le mothúcháin dhifriúla a fhorbairt. Is scil thábhachtach í seo a thugtar “féinrialúchán” uirthi agus beidh sí an-tábhachtach chun cabhrú le leanaí déileáil leis an imní a bhaineann le tosú ar scoil.
- Pléigh an méid atá ar eolas ag do leanbh faoin mbunscoil, na rudaí a bhfuil súil ag do leanbh leis, an méid a bhfuil do leanbh ag tnúth leis, nó, aon rud a d’fhéadfadh a bheith ag déanamh imní do do leanbh? Cuir in iúl do do leanbh nár cheart go mbeidís inníoch.
- Tabhair cuairt ar an mbunscoil chun an foirgneamh/an clós súgartha a fheiceáil agus labhair faoin mbealach a rachaidh do leanbh ar scoil gach lá.
- Má bhíonn éide scoile ag an scoil, taispeáin roinnt grianghraf di do do leanbh nó pléigh leo na héadaí a chaithfidh siad chun dul ar scoil.
- Labhair leo faoi leanaí eile a bhfuil aithne acu ar agus a bhfuil ag freastal ar an scoil cheana féin. B’fhéidir go bhfuil aithne agat ar chuid dá gcairde réamscoile a mbeidh ag freastal ar an scoil chéanna freisin.
- In éineacht le do leanbh, socraigh spás spraoi bunscoile sa bhaile i rith an tsamhraidh agus faigh bosca lóin, mála scoile, páipéar agus criáin/pinn luaidhe, leabhair srl.



Scileanna Nua a Mhúineadh do Leanaí

Is tusa an chéad mhúinteoir atá ag do leanbh agus an ceann is tábhachtaí. Gach lá cabhraíonn tú le do leanbh eolas, scileanna agus bealaí iompair nua a fhoghlaim.

Tá trí mhodh úsáideacha a bhféadfá a úsáid chun cabhrú le do leanbh gach rud a fhoghlaim, ó fhéinchúram bunúsach go scileanna sóisialta níos casta:

treoracha

céim ar chéim

eiseamláiriú

Sula dtosaíonn tú

Féach ar na leideanna seo a leanas a chabhróidh le do leanbh scileanna nua a fhoghlaim, is cuma cén modh a bhaineann tú úsáid as:

Sula dtosaíonn tú, bí cinnte go bhfuil do leanbh réidh leis an scil nua a fhoghlaim.

Smaoinigh ar an am. An bhfuil do leanbh aireach?

Smaoinigh ar an timpeallacht. An bhfuil do leanbh ag tabhairt airde?

Tabhair seans do do leanbh **an scil a chleachtadh**.

Tabhair misneach dó nó di.

Seachain a lán aiseolais dhiúltaigh nuair nach bhfuil an scil i gceart ag do leanbh.

Is féidir treoracha a thabhairt

Tugaimid treoracha dár leanaí an t-am ar fad. Agus tú ag múineadh scil nua dó nó di, seo na céimeanna a gcabhraíonn leis na treoracha a iompú ina bhfoghlaim:

Ná tabhair treoracha sula mbíonn aird do linbh ort. Bain úsáid as a (h)ainm, agus spreag do leanbh le féachaint ort agus tú ag labhairt.

Téigh síos ar aon leibhéal le do leanbh chun labhairt leis nó léi.

Bain aon rud a chuirfeadh isteach oraibh, cosúil leis an teilifís.

Úsáid focail a thuigeann do leanbh. Coinnigh na habairtí gearr agus simplí.

Bíodh do **ghlór soiléir agus socair**.

Ná tabhair ach treoir amháin ag an am, mar shampla; *‘bain díot do chóta’*. Ansin *‘croch do chóta’*.

Bain úsáid as comharthaí le go dtabharfadh do leanbh rudaí áirithe faoi deara.

Nuair atá cuimhne níos fearr ag do leanbh ar conas an tasc a dhéanamh, is féidir stopadh leis na treoracha agus an meabhrú diaidh ar ndiaidh.

Is féidir cur chuige céim ar chéim a úsáid

Bíonn roinnt tascanna nó gníomhaíochtaí casta nó bíonn sraith gníomhartha i gceist leo. Sa chás sin, is féidir an tasc a bhriseadh síos i gcéimeanna níos lú.

Is éard atá i gceist leis an múineadh céim ar chéim ná na céimeanna a bhaineann le scil a leagan amach céim ar chéim. Nuair atá an chéad chéim foghlamtha ag do leanbh, múin an chéad chéim eile dó nó di, an chéad cheann eile ina dhiaidh sin, agus araile.

Scil Shamplach – T-léine a chur air nó uirthi.

Is féidir an tasc a bhriseadh síos i gcéimeanna:

Cas an t-léine timpeall sa treo ceart.

Tarraing an t-léine **thar an gceann**.

Cuir **lámh amháin** tríthi.

Cuir an **lámh eile** tríthi.

Tarraing an t-léine **síos**.

Ná bog ar aghaidh go dtí an chéad scil eile go dtí go bhfuil an ceann seo foghlamtha ag an leanbh. Is féidir na céimeanna seo a úsáid do gach ball éadaigh – fobhríste a chur ort, ansin an bríste, an t-léine ina dhiaidh sin, ansin na stocaí agus na bróga ar deireadh.

Agus tú á spreagadh, bí sonrach leis nó léi *‘Feicim go bhfuil stoca amháin curtha ort leat féin, bain triail as an gceann eile anois’*.

Is féidir bheith i d’eiseamláir do do pháiste

Trí bheith ag féachaint ort, foghlaimíonn do leanbh cad le déanamh agus conas é a dhéanamh.

De ghnáth is é an t-eiseamláiriú an bealach is éifeachtúla le scil nua a mhúineadh do leanaí. Mar shampla, is mó seans go dtaispeánfaidh

tú dó nó di conas glanadh suas, liathróid a chaitheamh, bord a leagan, nó conas a lámha a ní, in áit treoracha a thabhairt.

Is féidir an t-eiseamláiriú a úsáid chomh maith

le scileanna agus iompar a thaispeáint nuair a bhíonn cumarsáid neamhbhriathartha ag baint leo, cosúil le comharthaíocht choirp nó tuin chainte. Mar shampla, is féidir taispeáint do do leanbh conas féachaint ar dhaoine agus tú ag labhairt leo, nó conas féachaint sa tsúil agus miongháire a dhéanamh nuair atá tú ag tabhairt buíochais dóibh.

Is féidir na céimeanna agus an t-eiseamláiriú a úsáid le céile le scileanna sóisialta a fhorbairt. Mar shampla, má tá sibh ag súil le cuairteoir chuig an teach – déan cleachtadh ar cad a tharlóidh nuair a shroichfidh sé nó sí an teach.

Seo duit pictiúr díom agus rinne mé
féin é

A picture of me for my teacher





Acmhainní chun tacú le foghlaim agus forbairt do pháiste agus é ag ullmhú don réamhscoil

Is tréimhse thábhachtach agus bhríomhar don pháiste óg é nuair a thosaíonn an páiste ar an réamhscoil. Fiosraíonn go leor tuismitheoirí/caomhnóirí cibé an bhfuil aon rud is féidir leo a dhéanamh sa bhaile chun tacú le foghlaim a bpáiste de réir mar a fhaigheann sé/sí faoi réir le dul isteach sa réamhscoil, agus is é an freagra ná "Tá, cinnte!".

Tugtar naisc sa bhileog eolais seo chuig físeáin agus leidbhileoga agus tugtar comhairle phraiticiúil do thuismitheoirí/caomhnóirí.

Tacú leis an bhfoghlaim trí mheán an tsúgartha



Tá deiseanna a thabhairt do pháiste le bheith ag súgradh agus i mbun cumarsáide tábhachtach don fhoghlaim. Féach ar an bhfíseán dhá nóiméad seo: [Key messages for parents on supporting children's learning and development](#).



Tá deiseanna a thabhairt do pháiste le bheith ag súgradh taobh istigh agus taobh amuigh tábhachtach don fhoghlaim. Forbraíonn an páiste caidrimh chomh maith le foghlaim faoin domhan agus na daoine agus na rudaí atá ann trí shúgradh. Léigh an [leidbhileog](#) seo chun smaointe a fháil le cabhrú le do pháiste an tairbhe is fearr a bhaint as an súgradh.

Tá foghlaim trí mheán an tsúgartha tábhachtach chun neamhspleáchas, fiosracht agus athléimneacht do pháiste a fhorbairt. B'fhéidir gur mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi sin sa leidbhileog seo: [Ag cabhrú le leanaí agus le lapadáin meonta dearfacha foghlama a fhorbairt](#).



Tá sé tábhachtach deiseanna a thabhairt do do pháiste a s(h)amhlaíocht a fhorbairt agus a bheith cruthaitheach trí shúgradh le boscaí cairtchláir agus ábhair tí agus athchúrsáilte le tacú lena c(h)uid foghlama. Féach ar an bhfíseán dhá nóiméad seo: [Open-ended play resources](#).

Tacú leis an bhfoghlaim trí mheán na gluaiseachta



Tá deiseanna a thabhairt do pháiste chun rith, léim, dreapadh agus scileanna liathróide a fhorbairt tábhachtach. Léigh an leidbhileog seo chun bealaí a fháil le tacú le forbairt fhisiceach do pháiste: [Leabhrán eolais: Folláine choirp leanaí óga a chothú trí Scileanna Bunghluaiseachta \(3-6 bliana d'aois\)](#)



Tacú leis an bhfoghlaim trí mheán na luathlitearthachta



Tá sé tábhachtach scéalta a léamh do do pháiste agus a bheith ag caint leis/léi faoi na scéalta agus na pictiúir. Úsáid an t-am seo chun focail agus smaointe nua a úsáid. B'fhéidir go léifeá scéal faoi pháiste ag tosú ar an réamhscoil fiú! Tugtar roinnt smaointe sa leidbhileog [Enjoying books](#) chun leabhair a roghnú agus a léamh le do pháiste. Seo liosta leabhar a mholtar le taitneamh a bhaint astu le do pháiste: [Toddler Reading List](#).



Má labhraíonn tú agus má éisteann tú le do pháiste chomh maith le bheith ag síneadh do mhéar ar fhocail agus sa bhaile agus sa cheantar cuirfear saol na teanga os comhair do pháiste – idir labhartha agus scríofa. Léigh an leidbhileog seo chun smaointe praiticiúla a fháil faoin gcaoi le léitheoireacht agus scríbhneoireacht a chur i láthair do pháiste ar bhealach a oirfidh dá (h)aois: [Ag cabhrú le do leanbh óg léamh agus scríobh](#).

Tacú leis an bhfoghlaim trí mhatamaitic na luathóige



Tá go leor bealaí ar féidir leat tacú le scileanna matamaitice do pháiste sa bhaile. Féach ar an bhfíseán dhá nóiméad seo: [Supporting mathematics: key messages for parents](#) le foghlaim faoin tábhacht atá le do pháiste a bheith ag súgradh le bloic, le maidí agus le rudaí eile mar sin. Tá sé tábhachtach freisin labhairt le do pháiste faoi chruthanna, pátrúin agus comhaireamh.



Tá sé tábhachtach deiseanna a thabhairt do do pháiste páirt a ghlacadh agus labhairt faoi thascanna tí laethúla ar nós siopadóireachta, an bord a leagan agus garraíodóireacht. Léigh an leidbhileog seo chun tuilleadh smaointe a fháil faoi chuidiú le do pháiste tuilleadh a fhoghlaim faoin matamaitic: [Ag cabhrú le do leanbh óg le mata](#).



Réimse amháin den mhatamaitic is ea tomhas agus cuideoidh sé le do pháiste na focail a bheith aige/aici chun labhairt faoi thomhas. Léigh an leidbhileog seo chun comhairle a fháil ar conas a d'fhéadfá focail tomhais a mhúineadh do do pháiste: [Foghlaim faoi thomhas](#).



Sonraí Pearsanta an Pháiste

Ainm:		Taitníonn leis nó léi mar ainm	
Sloinne:		Dáta breithe:	

Sonraí na Réamhscoile

Réamhscoil in a bhfuil an páiste cláirithe:	
---	--

Ainm an bhaill teaghlaigh atá ag comhlánú na foirme seo

Ainm:		Sloinne:	
Gaol leis an bpáiste:			

Cad ba mhaith leat a bheith ar eolas ag réamhscoil nua do pháiste mar gheall air nó uirthi?

An bhfuil aon mholtaí agat a d'fhéadfadh cabhrú le do pháiste socrú isteach isteach sa réamhscoil?

An bhfuil eolas breise faoi do pháiste ar mhaith leat a insint don réamhscoil?